AN TSRAITH SHINSEARACH
SENIOR CYCLE

# Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach
# Conairí agus solúbthacht




NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Aibreán 2019

ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach



# Réamhrá




In 2018, thug 41 iar-bhunscoil faoi thionscadal uaillmhianach chun athbhreithniú a dhéanamh ar oideachas na sraithe sinsearaí in Éirinn. I ndiaidh dóibh chun a smaointe ar **chuspóir** oideachas na sraithe sinsearaí in Éirinn (sraith 1) a cheapadh agus a roinnt le CNCM agus leis an tír ar fad, thosaigh múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí ag fiosrú **conairí agus solúbthachta** sa tsraith shinsearach (sraith 2). Bhí tuilleadh deiseanna fiosraithe agus plé sa dara sraith de sheimineáir náisiúnta a reáchtáladh i Luimneach, Baile Átha Luain, Port Láirge agus Sligeach. Is éard atá sa téacs seo léargas ar thaipéis shaibhir na smaointe sin a tháinig chun cinn ó rannpháirtithe an athbhreithnithe agus iad ag plé na gconairí agus na solúbthachta reatha agus ag tabhairt moltaí maidir le treonna féideartha don tsraith shinsearach amach anseo. Tugaimid cuireadh duit freisin tuarascáil iomlán an ESRI ar an dara sraith den athbhreithniú scoile, Senior Cycle Review: analysis of discussions in schools on senior cycle pathways and structures in Ireland, a léamh, a fhoilseofar i dtús mhí na Bealtaine ar **ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach**.


Tá an comhrá tosaithe agus tá smaointe fós ag teacht chun cinn. Más mian leat a bheith páirteach sa chomhrá seo,Cuir do thuairimí in iúl trí pháirt a ghlacadh inár gcomhairliúchán poiblí faoi na smaointe atá ag teacht chun cinn ón athbhreithniú. Glac páirt i gcruinniú grúpa fócais, líon isteach ár suirbhé ar líne nó cuir aighneacht i scríbhinn chugainn. Beidh níos mó eolais ar **ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach**.

# Amlíne an Athbhreithnithe ar an tSraith Shinsearach:

## An próiseas go dtí seo



# Comhoibriú agus Rannpháirtíocht san Athbhreithniú ar **an tSraith Shinsearach**



# 41 Scoil
+ 9 scoil bhreise

INSCNE SCOILE



| | |
|---|---|
| **Cailíní** | **9** |
| **Buachaillí** | **7** |
| **Measctha** | **25** |

CINEÁL SCOILE




| | |
|---|---|
| **Meánscoil** | **22** |
| **BOO** | **12** |
| **Scoil Speisialta** | **2** |
| **Pobalscoil agus Scoil Chuimsitheach** | **5** |
| **DEIS** | **11** |
| **Lán-Ghaeilge** | **4** |

**7** Seimineár Náisiúnta **616** i láthair

**9** **Taighde ó dhlínsí**

**2** Pháipéar Taighde **ESRI**






**Corcaigh**
**Luimneach**
**Port Láirge**
**Gaillimh**
**Baile Átha Cliath**
**Baile Átha Luain**
**Sligeach**

# Feasacháin
**an Athbhreithnithe ar an tSraith Shinsearach**

Seolta go **715** **Iar-bhunscoil**

**195** **Páirtí leasmhara**



Aighneachtaí ar ríomhphost **24**

**#seniorcyclereview**

# Céard a tháinig chun cinn ó shraith 1 den athbhreithniú ar an tsraith shinsearach?

I rith chéim 1 den athbhreithniú seo, dhearbhaigh múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí gurb é an cuspóir morálta a bhaineann le hoideachas na sraithe sinsearaí ná cabhrú le gach scoláire a lánacmhainneacht a bhaint amach. Moladh gurb é croíchuspóir oideachas na sraithe sinsearaí a chur ar chumas gach scoláire a eolas agus scileanna a dhoimhniú agus é ag teacht in inmhe agus ag forbairt go pearsanta, agus tógáil i dtreo a thodhchaí féin, ionas gur féidir le gach scoláire páirt iomlán a ghlacadh sa tsaoránacht, sa tsochaí agus sa gheilleagar agus é ag aistriú chuig an saol i ndiaidh na scoile. Sainaithníodh láidreachtaí agus dúshláin sa tsraith shinsearach reatha agus thosaigh moltaí ag teacht chun cinn faoin gcaoi a bhféadfaí an tsraith shinsearach a fhorbairt agus a athrú amach anseo.

Fiosraíodh deiseanna chun eolas a chur i bhfeidhm chomh maith leis na hinniúlachtaí ba cheart do dhaoine óga a fháil ón am a chaitheann siad ag tabhairt faoin tsraith shinsearach.

- Creideadh go raibh tábhacht ag baint le ceisteanna ardoird; smaointeoireacht chriticiúil agus anailísiú; réiteach fadhbanna agus próiseáil fadhbanna; foghlaim neamhspleách agus chomhoibríoch; cruthaitheacht agus nuálaíocht; agus scileanna i réimsí an taighde, na scríbhneoireachta, na cumarsáide, an chur i láthair agus na dteicneolaíochtaí digiteacha.

- Tarraingíodh aird ar réimse inniúlachtaí idirphearsanta agus inphearsanta ar cheart deiseanna a thabhairt do scoláirí a fhorbairt, ina measc teacht aniar, féinmhuinín, féinghlacadh agus muinín, trua, comhbhá, féinbhainistíocht agus eagrú, obair bhuíne, fiosracht agus grá don fhoghlaim.

- Moladh scileanna saoil amhail bainistíocht airgeadais, an cumas tabhairt faoin domhan digiteach, eolas agus tuiscint ar chaidrimh agus gnéasacht agus ar dhomhan na hoibre, mar chuid den oideachas ba cheart a chur ar gach scoláire sula bhfágann siad an scoil.

Ba thacaí tábhachtacha chun é sin a bhaint amach an ghairmthreoir, taithí oibre agus rogha ábhar. Seasadh le modhanna teagaisc agus foghlama éagsúla, ina measc comhphlé ranga, foghlaim phiara, foghlaim i mbeirteanna agus i ngrúpaí, mar aon le cuir chuige measúnaithe éagsúla, lena n-áirítear tionscadail, punanna agus deiseanna chun foghlaim a chur in iúl ó bhéal, ar nós agallamh. Cuireadh tuairimí difriúla in iúl faoin gcomhleanúnachas idir an tsraith shóisearach nua agus an tsraith shinsearach reatha, agus a mhéad ar cheart do na hathruithe ar an tsraith shinsearach teacht go hiomlán leis na forbairtí sa tsraith shóisearach.



# Céard faoi a labhair múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí i sraith 2 den athbhreithniú?



Céard a oibríonn go maith san Idirbhliain/ ATF/GCAT/ATB?

Céard iad na príomhdhúshláin?

Cá fad ar cheart go mairfeadh an tsraith shinsearach?

An bhféadfadh scoláirí an tsraith shinsearach a chur i gcrích ag luasanna difriúla?

Ar cheart an tsraith shinsearach a struchtúrú mar ábhair, modúil, aonaid nó meascán?

Ar cheart do gach scoláire tabhairt faoi roinnt réimsí/ eispéiris?

An bhfuil conairí oiriúnacha ar fáil do na scoláirí ar fad?


An molfá aon athruithe ar an measúnú?

An molfá aon athruithe ar an tuairisciú?

# Seimineáir Náisiúnta

Tríd is tríd, bhí an t-aiseolas ó sheimineáir shraith 1 i gCorcaigh, Gaillimh agus Baile Átha Cliath i mí na Samhna 2018 dearfach, cé go ndúirt na rannpháirtithe gur mhaith leo níos mó ama don phlé agus chun aiseolas a thaifeadadh agus a chuimsiú san athbhreithniú. Bhí tionchar aige sin ar sheimineáir shraith 2 a bunaíodh ar phlé boird agus ar thuilleadh aiseolais a bhailiú. Bhí na seimineáir sin ar bun i mí Feabhra 2019 i Luimneach, Baile Átha Luain, Port Láirge agus Sligeach.

Iarradh léirithe spéise chun freastal ar an tsraith seimineár náisiúnta sa chéad fheasachán faoin athbhreithniú ar an tsraith shinsearach, a seoladh chuig gach iar-bhunscoil sa tír agus trí chuireadh oscailte ar twitter agus facebook. Gabhaimid buíochas leo siúd ar fad a chuaigh i dteagmháil linn. Bhí an-áthas orainn go rabhamar in ann freastal ar gach iarratas a fuaireamar ó dhaoine ar theastaigh uathu freastal ar na seimineáir náisiúnta – míle buíochas leo siúd a bhí rannpháirteach. Tá achoimre ar an aiseolas ó na seimineáir náisiúnta ar **ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach**



# Céard a tháinig chun cinn ó shraith 2 den athbhreithniú ar an tsraith shinsearach?

**Shainaithin múinteoirí, scoláirí, tuismitheoirí agus rannpháirtithe sna seimineáir náisiúnta láidreachtaí sa tsraith shinsearach reatha, d'fhiosraigh siad dúshláin roimh chuspóirí leathana oideachas na sraithe sinsearaí a bhaint amach, agus rinne siad roinnt moltaí faoi athruithe féideartha ar an gcéim seo den oideachas.**

## Struchtúr

Bhí an plé ar an struchtúr bunaithe ar thrí phríomhcheist. Cá fad ar cheart go mairfeadh an tsraith shinsearach? Ar cheart go mbeadh solúbthacht ag scoláirí chun í a chur i gcrích laistigh de thréimhsí difriúla? Cé na comhpháirteanna curaclaim ba cheart a chur ar fáil?

Cuireadh tuairimí difriúla in iúl faoin bhfad ar cheart do scoláirí a chaitheamh sa tsraith shinsearach, ach maíodh go raibh dhá nó trí bliana oiriúnach don chéim seo den oideachas. Cé gur dúradh go raibh trí bliana úsáideach do go leor scoláirí, moladh gur cheart go mbeadh rogha ag scoláirí ag an gcéim seo dá saol an tsraith shinsearach a chur díobh in imeacht dhá bhliain; í a leathnú go trí bliana; nó, má d'fheil sé dá riachtanais féin, fágáil i ndiaidh bliain amháin, agus an rogha acu filleadh ar an tsraith shinsearach nó ar bhreisoideachas níos deireanaí. Tugadh le fios go bhféadfadh scoláirí tairbhe a bhaint as solúbthacht chun an tsraith shinsearach a chríochnú i dtréimhsí difriúla.

Seasadh le tábhacht na n-ábhar i rith an athbhreithnithe agus go bhfuil tábhacht le solúbthacht do scoláirí ábhair iomlána a chur le foghlaim a mhairfeadh tréimhse níos giorra i raon réimsí.

D’úsáid rannpháirtithe an athbhreithnithe téarmaí difriúla chun cur síos a dhéanamh ar an bhfoghlaim sin a mhairfeadh tréimhse níos giorra. Úsáideadh an téarma ‘modúil’, a léiríonn seans cleachtais modúl reatha ar nós mhodúil na hIdirbhliana, modúil na hArdteistiméireachta Feidhmí agus nascmhodúil GCAT. D’úsáid roinnt daoine an téarma ‘aonaid foghlama’; luaigh daoine eile ‘príomhábhair’ agus ‘mionábhair’.

Pé teanga a úsáidtear, creidtear go bhfuil struchtúr reatha na sraithe sinsearaí ródhocht agus go bhfuil rogha ábhar an scoláire don Ardteistiméireacht Bhunaithe róshriantach.

Léiríodh tuairimí difriúla faoi cé na comhpháirteanna curaclaim ba cheart a bheith éigeantach do gach scoláire, má ba cheart aon cheann a dhéanamh éigeantach, ach rinneadh trácht ar Bhéarla/litearthacht, matamaitic/uimhearthacht agus scileanna saoil níos mó ná aon chuid eile. Bhí litearthacht dhigiteach; litearthacht airgeadais; taithí oibre; oideachas caidrimh agus gnéasachta; oideachas saoránachta agus polaitiúil; teanga agus cultúr na Gaeilge; oideachas inbhuanaitheachta agus athraithe aeráide; cultúr agus ilchultúrachas; agus deiseanna d’fhoghlaim ildisciplíneach i measc na gcomhpháirteanna curaclaim a moladh ach bhí difríocht mhór sa mhéid a moladh agus ar cheap rannpháirtithe ar cheart go mbeadh na réimsí sin roghnach nó éigeantach. Leag roinnt aighneachtaí a cuireadh isteach ar ríomhphost béim ar an tábhacht a bhainfeadh leis an nGaeilge a choinneáil mar ábhar éigeantach.

# Céard a tháinig chun cinn ó shraith 2 den athbhreithniú ar an tsraith shinsearach?

## Conairí agus cláir

Ba é an phríomhcheist a fiosraíodh maidir le conairí, cláir agus solúbthacht a mhéad conairí agus eispéiris foghlama oiriúnacha atá ar fáil do gach scoláire atá le tabhairt faoin tsraith shinsearach.

Cuireadh tuairimí difriúla in iúl maidir le hoiriúnacht na gconairí agus na n-eispéireas foghlama atá ar fáil do scoláirí. Sainaithníodh an iliomad láidreachtaí a bhaineann leis na cláir reatha i rith an athbhreithnithe seo, lena n-áirítear deiseanna saibhre chun teacht in inmhe agus forbairt go pearsanta i rith na hIdirbhliana; an réimse leathan ábhar agus eispéiris foghlama atá ar fáil san Idirbhliain; na roghanna ábhar atá ar fáil san Ardteistiméireacht Bhunaithe, réimsí nua ábhar ina measc; na modúil atá ar fáil in GCAT agus san Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus na deiseanna taithí oibre san Idirbhliain, Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus GCAT.

Sainaithníodh dúshláin freisin, ina measc an easpa rochtana ar fhoghlaim theicniúil, ghairme, chruthaitheach agus ghairmiúil; an iomarca béime ar chonair amháin (an Ardteistiméireacht Bhunaithe); easpa solúbthachta chun gnéithe de chláir dhifriúla a chur le chéile; nach bhfuil conaire leantach ar fáil do scoláirí a thugann faoi fhoghlaim ar leibhéal 1 agus leibhéal 2 sa tsraith shóisearach; agus nach bhfuil dóthain tacaíochtaí ann do dhul chun cinn scoláirí chuig réimse conairí sa todhchaí, le béim rómhór ar dhul chun cinn go dtí an tríú leibhéal. Measadh go raibh solúbthacht níos mó chun go bhféadfadh scoláirí tabhairt faoi chonairí difriúla tríd an tsraith shinsearach inmhianaithe.

## Ionchuimsiú agus folláine

Ba é an phríomhcheist a fiosraíodh i réimse na folláine agus an ionchuimsithe ná a mhéad a chuireann teagasc agus foghlaim sa tsraith shinsearach gach cúlra, tallann agus cumas san áireamh agus a mhéad a chuirtear le cabhrú le gach scoláire a lánacmhainneacht a bhaint amach.

Tarraingíodh aird ar na cúinsí dearfacha ar fad a chuireann le hionchuimsiú agus folláine i rith an athbhreithnithe seo, lena n-áirítear timpeallacht scoile oscailte agus thacúil; caidrimh thacúil idir an múinteoir agus an scoláire; taithí oibre agus gairmthreoir; teagasc d'ardchaighdeán; forbairt ghairmiúil leanúnach d'ardchaighdeán agus comhoibriú idir múinteoirí. Áirítear leis na cúinsí a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar ionchuimsiú agus folláine ró-ualach curaclaim thar seacht n-ábhar; an iomarca béime ar scrúduithe deiridh, as a n-eascraíonn cúngú na gcur chuige i leith teagaisc agus foghlama, strus mór agus/nó easpa spéise do go leor scoláirí; ualach oibre mór agus imní faoin todhchaí.

Cuireadh tuairimí difriúla in iúl faoina mhéad a gcuireann an tsraith shinsearach reatha gach scoláire san áireamh. Creidtear gurb í an Idirbhliain is ionchuimsithí do réimse leathan tallann agus cumas; tugadh le fios nach bhfuil sé sin chomh feiceálach céanna agus scoláirí ag dul trí shraith shinsearach a léiríonn go bhfuil meas ar réimsí cumas níos cúinge agus nach dtugtar an t-aitheantas céanna don fhoghlaim a dhéanann scoláirí san Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus in GCAT. Cuireadh imní in iúl nach bhfuil dóthain tacaíochta ann do scoláirí a dteastaíonn uathu aistriú ó oideachas na sraithe sinsearaí go printíseachtaí, cúrsaí oiliúna, oiliúint bhreise agus fostaíocht. Moladh freisin go gcaithfear níos mó airde a thabhairt ar ionchuimsiú gach scoláire. Luadh go háirithe scoláirí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais, scoláirí ar teanga bhreise é an Béarla dóibh agus scoláirí ó phobal an Lucht Siúil.

# Céard a tháinig chun cinn ó shraith 2 den athbhreithniú ar an tsraith shinsearach?

## Measúnú

Bhí an plé bunaithe ar láidreachtaí agus dúshláin i gcuir chuige na sraithe sinsearaí reatha i leith measúnú agus réimsí a d'fhéadfaí a fhorbairt tuilleadh.

Áirítear leis na láidreachtaí a bhaineann leis na socruithe measúnaithe sa tsraith shinsearach faoi láthair an iontaoibh mhór atá ag an bpobal as measúnú seachtrach; an éagsúlacht sna cuir chuige measúnaithe atá in úsáid faoi láthair; agus go bhfuil an measúnú á scaipeadh amach thar thréimhse níos faide, mar a tharlaíonn i roinnt clár sa tsraith shinsearach. Áirítear leis na dúshláin an strus mór a bhíonn ar go leor scoláirí; go bhfuil measúnú na hArdteistiméireachta Bunaithe brúite le chéile i dtréimhse an-ghearr; gur beag deiseanna a bhíonn ag scoláirí an dara seans a fháil; agus tionchar an mheasúnaithe ríthábhachtaigh ar theagasc agus foghlaim, agus daoine den tuairim go gcuireann measúnú deiridh le scoláirí atá ag brath an iomarca ar fhreagraí a fhoghlaim de ghlanmheabhair agus ar chultúr ranganna dianteagaisc.


Thug múinteoirí, scoláirí, tuismitheoirí agus rannpháirtithe na seimineár le fios go léirítear sa mheasúnú is bailí ar an tsraith shinsearach go bhfuil meas ar réimse leathan eolais agus scileanna agus ar bhealaí éagsúla le foghlaim a chur in iúl. Teastaíonn solúbthacht níos mó chun measúnú a scaipeadh thar thréimhse níos faide. Ba cheart don mheasúnú tacú le cuspóirí leathana na sraithe sinsearaí agus go dtiocfadh sé leis an teagasc agus foghlaim a tharlaíonn in idirghníomhaíochtaí leanúnacha na múinteoirí agus scoláirí sa seomra ranga.

## Tuairisciú agus aistriú

Bhí an plé bunaithe ar láidreachtaí agus dúshláin i gcuir chuige na sraithe sinsearaí reatha i leith tuairisciú agus réimsí a d'fhéadfaí a fhorbairt tuilleadh. Áirítear le láidreachtaí an tuairiscithe ar an tsraith shinsearach tuairisciú leathan ar ghnóthachtáil san Idirbhliain agus i gclár na hArdteistiméireachta Feidhmí, le roinnt dúshlán ag baint le tuairisciú an ATF a léirmhíniú. Tríd is tríd, creidtear go bhfuil an tuairisciú ar ghnóthachtáil i gclár na hArdteistiméireachta Bunaithe trí dheimhniú Choimisiún na Scrúduithe Stáit agus aistriú go dtí an t-ardoideachas trí chóras an CAO cothrom, neamhchlaonta agus trédhearcach. Creidtear freisin go bhfuil sé sách cúng, agus gur teoranta an léargas a thugann sé do scoláirí, tuismitheoirí, fostóirí amach anseo agus oideachasóirí ar eolas, scileanna, cumais agus inniúlachtaí na scoláirí nuair a aistríonn siad go domhan na hoibre, na hoiliúna, an ardoideachais agus an bhreisoideachais.

D'fhéadfadh tuairisciú níos leithne dul chun tairbhe cohórt níos mó scoláirí a aistríonn ón scoil go printíseachtaí, breisoideachas nó oiliúint, agus fostaíocht, nó meascán díobh, chomh maith le scoláirí a aistríonn go dtí an tríú leibhéal. Léiríodh imní go mbíonn an t-aistriú go dtí an cúigiú bliain (díreach ón tsraith shóisearach nó ón idirbhliain), agus ón scoil go dtí an domhan iarscoile, dúshlánach mar gheall ar raon cúinsí. Níl dóthain tacaíochtaí ann do scoláirí a aistríonn go printíseachtaí, cúrsaí oiliúna agus obair. Dhearbhaigh múinteoirí, scoláirí, tuismitheoirí agus rannpháirtithe na seimineár gur cheart d'fhoghlaim na scoláirí i rith na sraithe sinsearaí cabhrú leis na scoláirí na hinniúlachtaí a theastóidh dá saol mar dhaoine fásta a fhorbairt, beag beann ar an méid a dhéanfaidh siad i ndiaidh na scoile. Fiosraíodh na hinniúlachtaí sin i rith shraith 1 den athbhreithniú sa phlé faoi chuspóir oideachas na sraithe sinsearaí, agus tugtar breac-chuntas orthu thuas ar leathanaigh 6 agus 7.

# Na chéad chéimeanna eile le haghaidh an Athbhreithnithe ar an tSraith Shinsearach



Is é an chéad chéim eile le haghaidh an Athbhreithnithe ar an tSraith Shinsearach ná comhairliúchán poiblí ar na smaointe atá ag teacht chun cinn ón athbhreithniú. Tá an comhrá tosaithe agus tá smaointe fós ag teacht chun cinn. Más mian leat a bheith páirteach sa chomhrá seo, cuir do thuairimí in iúl ach páirt a ghlacadh. Glac páirt i gcruinniú grúpa fócais, líon isteach ár suirbhé ar líne nó cuir aighneacht i scríbhinn chugainn. Beidh níos mó eolais ar **ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach**.

Agus an comhairliúchán seo agus gach gné den athbhreithniú ar an tsraith shinsearach ag cur bonn eolais fúthu, cuirfear moltaí d'fhorbairtí amach anseo ar oideachas na sraithe sinsearaí i láthair Bhord CNCM don tSraith Shinsearach agus i láthair na Comhairle ina dhiaidh sin, agus é d'aidhm acu comhairle a chur ar an Aire Oideachais a d'eascródh as próiseas an athbhreithnithe ar an tsraith shinsearach go dtí seo.